

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach



# Scéal Oilibhéir

## Nuachtlitr 20-10-2023

### Iontráil | Enrolment

Tá an Polasaí reatha Iontrála don Mheán Fómhair 2024 [ar an suíomh](#) anois, tá an Fógra Bliantúil Iontrála agus na Foirmeacha Iarratais ann freisin. Beidh an Próiseas Iontrála ag oscailt ar an 6 Samhain agus glacfar le hiarratais go dtí **14:30** ar an 24 Samhain. Scaip an scéal i measc do chairde le do thoil agus cuimhnigh, **fiú má tá páiste agat sa scoil cheana féin agus páiste eile ag teacht, is gá an Fhoirm Iarratais a líonadh amach.** Tá Léiriú Suime ar an suíomh do dhaltai ionchasacha nua freisin a chabhróidh linn planáil a dhéanamh do na blianta amach romhainn. Roinn le do chairde agus le daoine le páistí réamhscoile é seo le do thoil.

The current Enrolment Policy for September 2024 is now on the [website](#). The Annual Admission Notice and Application Forms are also there. The Enrolment Process will open on 6 November and applications will be accepted until **14:30** on 24 November. Please spread this news amongst your friends and remember, **even if you have children already attending the school, you still have to complete an Application Form.** There is also an Expression of Interest on the website for prospective new pupils which will help us to plan for the upcoming years. Please share with friends and anyone with preschool children.

**Scoil Oilibhéir** Fógra Bliantúil Maidir le Uigeam Isteach

**I dteideal le Uigeam Isteach i Scoil Oilibhéir 2024, 2025**

**UIGEAM 1 - Uigeam Isteach i Scoil Oilibhéir 2024, 2025**

Tuairisc ar an áit ag glacadh le hiontráil i gceannairdeirí Uigeam Isteach ar	6 Samhain 2023
Tréimh ar an áit ag glacadh le hiontráil i gceannairdeirí Uigeam Isteach ar	26 Samhain 2023
Tá an áit áfach fós ar fáil ar an áit ag glacadh le hiontráil i gceannairdeirí Uigeam Isteach ar	8 Nollaig 2023
Tá an áit áfach fós ar fáil ar an áit ag glacadh le hiontráil i gceannairdeirí Uigeam Isteach ar	7 Iúil 2024

**UIGEAM 2 - Uigeam Isteach i Scoil Oilibhéir 2023, 2024**

Uair na h-iontrála ar fáil	09
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh	12
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh agus ar glacadh le hiontráil ar fáil	13
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh agus ar glacadh le hiontráil ar fáil	17
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh agus ar glacadh le hiontráil ar fáil	21
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh agus ar glacadh le hiontráil ar fáil	25
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh agus ar glacadh le hiontráil ar fáil	29
Uair na h-iontrála a dhéanfaidh agus ar glacadh le hiontráil ar fáil	31

**Scoil Oilibhéir** Fógra Bliantúil Maidir le Uigeam Isteach

**Information regarding the admission process for the Infants Group for Junior Infants for the 2023, 2024 school year**

Number of places available	60
Number of applications received	54
Number of Offers made and accepted under each criteria	18 Offered - 17 Accepted 1 Offered - 0 Accepted 3 Offered - 0 Accepted
Total number of offers made	60
Number of places still on waiting list for the school year commencing	0

### Dúnadh Luath | Early Closing

Dúnfar an scoil ar 13:30 do **gach** páiste ar an gCéadaoin 29 Samhain 2023 chun traenáil foirne a éascú.

The school will be closed at 13:30 for **every** child on Wednesday 29 November 2023 to facilitate staff training.

## Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí | Parent-Teacher Meetings

Beidh na cruinnithe Múinteoirí-Tuismitheoirí seo ar siúl san iarnóin ar an 22 agus 23 Samhain idir 14:45 agus 17:45. Rachaidh na páistí abhaile ar **14:15** ar an dá lá seo agus is gá go mbaileofar go pras iad. Ní bheidh tú in ann cruinniú a chur in áirithint ach amháin tríd *Aladdin* agus osclófar an córas ar an Luan seo chugainn 23 Deireadh Fómhair ar a 20:00 san oíche.

*The Parent-Teacher Meetings meetings will take place on the 22 and 23 November in the afternoon between 14:45 and 17:45. The children will go home at 14:15 those days and must be collected promptly. You will only be able to schedule a meeting through Aladdin and the system will open next Monday 23 October at 20:00.*

## Spórt | Sport

Tá ár gcailíní iontacha tar éis cluiche ceannais Chumann na mBunscol a bhaint amach agus beidh siad ag imirt i bPáirc an Chrócaigh ar an Luan! Comhghairdeas agus buíochas le Múinteoir Colleen agus le Múinteoir Gráinne as a gcuid ama féin a chaitheamh chun an fhoireann a ullmhú agus a thraenáil. Ádh mór leo!

*Our fantastic girls have reached the final of Cumann na mBunscol and they will play in Croke Park on Monday! Congratulations and thanks to Múinteoir Colleen and Múinteoir Gráinne for spending their free time to prepare and train the team. Best of luck!*



## Aifreann Oilibhéir

Bhí Aifreann Oilibhéir go hálainn. Bhí na páistí go hiontach. Mór mo bhuíochas leis na múinteoirí as iad a ullmhú chomh maith leis sin. Bhí sé go hálainn cuairteoirí a fheiceáil sa scoil. Buíochas ó chroí ar ndóigh leis an Ath. Dan Joe.

*We had a beautiful mass in honour of St. Oliver Plunkett. The children were wonderful. My thanks to the teachers for preparing them so well. It was lovely to see visitors in the school. Thanks to Fr. Dan Joe as well of course.*

## Cumann na dTuismitheoirí | Parents' Association

Tá Cumann na dTuismitheoirí gnóthach ag eagrú Tráth na gCeist 2023!! Is ócáid shóisialta iontach í seo agus bealach maith é freisin aithne a chur ar na tuismitheoirí eile. Ní gá duit a bheith i do thuismitheoir agus tá fáilte roimh éinne. D'fhéadfaí go léireofaí do chuid eolais ghinearálta agus go mbaifá duais dheas duit féin. Beidh sé ar siúl ar an 26 Deireadh Fómhair at 20:00 sa *Bell*. An costas ná €40 do gach bord ceathair (agus ceathrar amháin ag an mBord!!!). Is féidir íoc as foireann tríd an gcóras *Aladdin*, díreach ó bhaill an Chumainn nó fiú ar an oíche féin Más féidir leat cabhrú ar aon bhealach, nó má tá baint agat le gnó éigin a bheadh sásta duais a dheonadh nó leathanach a thógáil sa leabhar, bí i dteagmháil leis an gCumann. Bailíodh €1,261.54 ag an Díolachán Cácaí. Ár míle buíochas le gach duine a thacaigh leis.

*Cumann na dTuismitheoirí have been very busy organising Table Quiz 2019. It's a fantastic social occasion and great way to get to know other parents in the school. You don't have to be a parent and anyone is more than welcome. You might also show off your general knowledge and win a nice prize. It will be on 26 October in the Bell at 20:00. The cost of a table of four is €40 (and strictly 4 to a table!!!). You can pay for a team through the Aladdin system, directly from Parents' Association members or even on the night itself If you can help in any way, or if you're connected to a business that might donate a prize or take a page in the booklet, please contact the Cumann. €1261.54 was collected at the Cake Sale. Sincere thanks to all who supported.*

## *Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

### **Toghchán chun Ainmnithe na dTuismitheoirí don Bhord Bainistíochta a roghnú**

*Election to choose the Parents' Nominees to the Board of Management*

Beidh cruinniú againn sa scoil ar 20:00 ar an gCéadaoin 15 Samhain 2023 chun Ainmnithe na dTuismitheoirí a thoghadh don Bhord Bainistíochta nua a thosóidh ar an 1 lá de Mhí na Nollag. Ag an gcruinniú seo, lorgófar Ainmiúcháin d'Athair agus do Mháthair. Is féidir le tuismitheoirí iad féin a ainmniú agus ní mór do dhuine amháin atá ag freastal ar an gcruinniú tacú le gach ceann de na hainmniúcháin. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/ na hainmnithigh sin a bheith tofa.

Má tá 2 cheann nó níos mó d'ainmniúcháin, beidh vóta rúnda chun Ainmnithe na dTuistí a thoghadh. Déanfar ballóid a thionól ag an gcruinniú chun na hainmnithigh a thoghadh. Toghtar máthair amháin agus athair amháin don Bhord. Tá Karen Uí Chaiside agus Pádraig Mac Sleimhne, a thoghadh mar ainmnithe na dTuismitheoirí don Bhord in 2019, sásta leanúint sa ról ach tá lánchead ag aon tuismitheoir de pháiste reatha iad féin a chur chun tosaigh ar an oíche. Tar chun cainte liom le do thoil má tá suim agat sa ról nó má tá ceist ar bith agat faoina bhfuil i gceist leis an ról.

Cé gur féidir le hainmní tuismitheora ar Bhord Bainistíochta a bheith ina bhall de choiste Chumann na dTuismitheoirí, níor chóir dóibh ról oifige a bheith acu ar choiste Chumann na dTuismitheoirí. Is gá go bhfuil páiste ionrollaithe sa scoil ag lonadaí na dTuismitheoirí i láthair na huaire. Níor cheart go mbeadh gaol ag Ainmní na dTuismitheoirí le haon bhall eile an Bhoird ná na Foirne. Ba cheart go dtiocfaidh Ainmnithe na dTuismitheoirí ó dhá theaghlach éagsúla. Má tá ceist ar bith agat faoin bpróiseas, téir i dteagmháil le hAntóin. Tá traidisiún fada de thacaíocht agus de rannpháirtíocht na dtuismitheoirí ag Scoil Oilibhéir. Tá an t-ádh linn go dtí seo go bhfuil tuismitheoirí againn a thugann go fial dá gcuid ama, dá gcuid fuinnimh, agus dá gcuid saineolais agus is mian linn leanúint leis an traidisiún seo.

**Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara nach toscairí a gcuid toghthóirí iad comhaltaí boird. Níl aon dualgas orthu tuairisciú dá dtoghthóirí ná treoir a ghlacadh uathu faoin mbealach a gcaithfidh siad vóta ag cruinnithe Boird. D'fhéadfaí go sáródh tuairisciú den chineál sin na riachtanais rúndachta. Is faoi gach Bord atá sé cinneadh a dhéanamh faoi cad is féidir a thuairisciú agus cé a dhéanfaidh an tuairisciú, agus sa mhéid seo, is den riachtanas é plé le cúrsaí pearsanra, airgeadais agus pearsanta ag teacht le riachtanais rúndachta ábhartha.**

Is cinntí Boird iad cinntí a dhéantar de chomhréiteach nó le vóta. Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí aonair an Bhoird an t-ábhar a pléadh ag cruinnithe a choinneáil faoi rún mura n-aontaíonn an Bord a mhalairt agus i gcás go n-aontaítear e, níor cheart do chomhaltaí an Bhoird cáineadh poiblí a dhéanamh ar chinntí Boird ná aon rud diúltach a rá maidir leo go poiblí, beag beann ar an tuairim phearsanta atá acu féin ar an ábhar.

**Tá foráil in alt 9.3 don Bhord chun tuairisc aontaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le dea-chumarsáid le tuismitheoirí, foireann agus an pobal scoile. Ní chuirfear san áireamh sa tuairisc chomhaontaithe sonraí maidir le haon saincheisteanna nach mór a choinneáil faoi rún ag comhaltaí Boird.**

*We will have a meeting in the school at 20:00 on Wednesday 15 November 2023 to elect the Parent Nominees to the new Board of Management which will commence on 1 December. At this meeting, nominations will be sought for a Mother and a Father. Parents may self-nominate and each nominee must be seconded by a person in attendance at the meeting. If there is only one nominee for either panel, the nominee(s) shall be deemed to be elected.*

*If there are 2 or more nominations, there will be a secret ballot to elect the Parents' Nominees. There will be a ballot conducted at the meeting to elect the nominees. One mother and one father is elected to the Board. Karen Uí Chaiside and Pádraig Mac Sleimhne, who were elected as Parents' nominees to the Board in 2019, are happy to continue in the role but any parent of a current pupil can put themselves forward on the night. Please come and talk to me if you are interested in the role or have any questions about what the role involves.*

*While a Parent Nominee on a board of management can be a member of the Parents' Association committee, they should not hold a position of office on the Parents' Association committee. Parent Nominees must have a child enrolled in the school at present. Parent Nominees should not have any relationship to other board members or staff. Parent Nominees should be from separate families. If you have any queries about this process, please get in touch with Antóin. Scoil Oilibhéir has a long tradition of parental support and involvement. We have been very lucky to have parents contribute huge time, energy and expertise and we wish to continue this tradition.*

***It is important to note that Board members are not delegates of their electorates. They have no obligation to either report back to their electors or to take instruction from them on how to vote at Board meetings. Such reporting may be a breach of confidentiality requirements. It is a matter for each Board to decide what may be reported and by whom and, in this respect, it is essential that personnel, financial and personal matters are dealt with in line with relevant confidentiality requirements.***

***Decisions arrived at by consensus or by vote are decisions of the Board. Individual members of the Board are obliged to keep the matters discussed at meetings confidential, unless otherwise agreed by the Board and where so agreed, members of the Board must not publicly criticise or make any negative public comment about Board decisions, irrespective of their own personal views on the matter.***

***Section 9.3 provides for the Board to put in place an agreed report to support good communications to parents, staff and the school community. The agreed report shall not include details of any issues which must remain confidential to Board members.***

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*  
**Oíche Oscailte | Open Night**

Beidh an Oíche Oscailte againn sa scoil ar an gCéadaoin seo chugainn ar 19:00 – 20:30. Iarrtar oraibh an scéal seo a scaipeadh i measc cairde agus comharsana a mbeadh suim acu iarratas a dhéanamh da bpáistí ar áit sna Naíonáin Shóisearacha 2024-2025.

*We will have our Open Night in the school next Wednesday 19:00 – 20:30. You are asked to share this information with any friends or neighbours who might be interested in applying for a place for their child in Junior Infants 2024-2025.*

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

*Oíche Oscailte*

**SCOIL OILIBHÉIR**

An Chéadaoin 25 Deireadh Fómhair  
19:00 - 20:30

Fáilte roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí agus roimh pháistí ionchasacha

Bunscoil lán-Ghaeilge sa Chúil Mhín,  
Bunaithe 1975

.....

[www.gaelscoiloilibheir.ie](http://www.gaelscoiloilibheir.ie)

✉ [runai@gaelscoiloilibheir.ie](mailto:runai@gaelscoiloilibheir.ie) ☎ 01-8215277

🐦 @ScoilOilibheir

Nurturing and enriching every child through the medium of Irish, to achieve their full potential

*Open Night*

**SCOIL OILIBHÉIR**

Wednesday 25 October  
19:00 - 20:30

Prospective parents/guardians and pupils welcome

Irish medium primary school in Coolmine  
Founded 1975

.....

[www.gaelscoiloilibheir.ie](http://www.gaelscoiloilibheir.ie)

✉ [runai@gaelscoiloilibheir.ie](mailto:runai@gaelscoiloilibheir.ie) ☎ 01-8215277

🐦 @ScoilOilibheir

**Seachtain Mhata | Maths Week**

Mar is eol daoibh ag an bpointe seo, bhí SeachtainMhata an-ghnóthach againn agus bhain na páistí an-taitneamh as na gníomhaíochtaí mata ar fad a léirigh dóibh go bhfuil an mata ar fud na háite mórthimpeall orainn. Mile buíochas le Múinteoir Áine as an tseachtain a eagrú agus a stiúradh.

*As you will know at this point, we had a very busy MathsWeek and the children enjoyed all the maths activities that highlighted that maths is everywhere around us. Many thanks to Múinteoir Áine for organising and directing the week*

**Féinmheastóireacht Scoile | School Self-Evaluation**

Bhí freagairt iontach ar an gceistineoir a roinneadh le tuistí/caomhnóirí na scoile chun tuairimí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí maidir le cúrsaí folláine, sonais agus sábháilteachta a fhiosrú. Bhí na torthaí an-dearfach ar an iomlán agus roinnfear le pobal na scoile iad ar ball. Ardaíodh cúpla ceist a bheidh le cíoradh amach anseo agus tugann na torthaí treoir úsáideach dúinn faoi conas tabhairt faoin tioscnamh. An chéad chéim eile ná tuairimí agus mothúcháin na bpáistí a fhiosrú trí mhodheolaíochtaí oiriúnacha do na rangleibhéil éagsúla. Roinnfear tuilleadh eolais faoi seo tar éis na Samhna.

*We had an excellent response to the questionnaire that we shared with the school's parents/guardians to explore their thoughts on wellbeing, happiness and safety. The results were very positive and we will share them with the school community soon. A couple of questions were raised which we will explore in the future and the results give us some useful direction on how we proceed with the project. The next step is to explore the opinions and feelings of the children through appropriate methodologies for the various class levels. We will share more information about this after Halloween.*

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Dátaí don Dialann | Dates for the Diary

25-10-23	Oíche Oscailte do Theaghligh Ionchasacha   Open Night for Prospective Families	19:00 – 20:30
26-10-23	Tráth na gCeist Chumann na dTuistí   Parent's Association Table Quiz	Bell 20:00
15-11-2023	Toghchán d'Ainmnithe na dTuismitheoirí don Bhord Bainstíochta <i>Election of Parents' Nominees to Board of Management</i>	20:00
22/23-11-23	Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí   Parent-Teacher Meetings	14:45-17:45 ar an dá lá
26-11-23	Aonach na Nollag   Christmas Fair	13:00 - 17:00
29-11-23	Dúnadh Luath   Early closure	13:30
15-12-23	Seó Nollag na nÓg: Naíonáin Bheaga – R2   Christmas Show: Junior Infants - 2nd Class	Le socrú   TBC
22-3-24	Cóineartú   Confirmation	11:00
25-5-24	Comaoineach   Communion	11:00

Seisiúin teiripe spraoi saor in aisce | Free play therapy sessions

Eolas an-tábhachtach ceangailte faoi sheisiúin teiripe spraoi sa cheantar do pháistí **saor in aisce** .

Very important information here about **free** play therapy sessions in the area.

**Bright Side of Dyslexia**  
Admin · 41m · 🌐

◆◆◆ FREE PLAY THERAPY ◆◆◆

Our group received a great opportunity to avail of FREE PLAY THERAPY sessions for our children who are struggling.

If you are interested in the opportunity for your child to attend these Play Therapy sessions please email [Meaganshoree@gmail.com](mailto:Meaganshoree@gmail.com) to receive forms.

FORMS MUST BE FILLED OUT AND RETURNED TO MOUNTVIEW COMMUNITY CENTRE for your child to be considered for play therapy 🙏📄

**Group Play Therapy Sessions for Children with Anxiety & Self-esteem**

Mountview Fortlawn Community Centre  
10 week program, November 2023  
Please contact Meagan Shore for more information  
0852348358, [meaganshoree@gmail.com](mailto:meaganshoree@gmail.com)